

Cumann Forbartha Chois Fharraige

le Pádraig Ó Héalaí

Féachann an Cumann le cruinnithe míosúla a reachtáil (lasmuigh de thréimhsí saoire) ag a ndírítear ar fhorbairtí fisiciúla agus cultúrtha a rachadh chun tairbhe don cheantair agus a chuirfeadh le saol an phobail.

Seo a leanas cuid de na tograí a bhí á gcur chun cinn ag an gCumann le tamall anuas:

- Rannpháirtíocht i gcomórtais Ghlór na nGael agus An Ghaeltacht Bheo agus bua bainte amach i ngach ceann acu.
- Brú a chur ar na húdaráis chuí glacadh le gnéithe de phlean forbartha bóthair agus taobh tíre, ó dhroichead an Spidéil go droichead Chromghlinne, plean a réitigh comhlacht suirbhéireachta, innealtóireachta agus comhairleoireachta ar iarratas ón gCumann. Dírítear sa phlean ar leasuithe a chuirfeadh le sábháilteacht bóthair, m.sh., cosáin do choisithe agus do rothair, línte bóthair, luasteorainneacha, fairsingiú ar bhéal bóithrínní, agus dírítear ann freisin ar fhorbairtí fisiciúla mar sconsaí slachtmhara agus stadanna bus faoi dhíon.
- Glanadh Reilig an Chnoic a eagrú.
- Maoiniú ar imeachtaí Chlub Óige Lurgan agus Chumann Mícheál Breathnach, ar chrannchur Choiste na Páirce agus ar Chumann Drámaíochta Chois

Fharraige, ar fhorbairt an Ionaid Lae i dTearmann Éinne agus ar fhorbairt Pháirc imeartha Ros an Mhíl.

- Aird a dhíriú ar dhainséar do dhaoine óga ó spraoithiomáint.

• Ócáid cheiliúrtha a eagrú sa Seanscoil do bhuaiteoirí i gcomórtais amhránaíochta an Oireachtais agus do Chlub Óige Lurgan, buaiteoirí an chomórtais *Seó Ardáin*.

• Oícheanta seanchais a eagrú i Seanscoil Shailearna, i gcomhar le Cumann Béaloidis Chonamara, ceann bunaithe ar sheanchas Chois Fharraige ag a raibh Pádraig Tom Bán Breathnach mar aoichainteoir, ceann ar Philí Bhaile na mBrabhach ag a raibh Peadar Mac an Iomaire mar aoichainteoir agus ceann eile fós ar sheanchas Pháraic a' Mháille ag a raibh Timín Joe Tim Ó Conghaile mar aoichainteoir.

• Cruinniú oscailte a eagrú ag a raibh Pádraig Ó Laighin mar aoichainteoir agus ag a léiríodh míshásamh le gnéithe de Bhille na dTeangacha Oifigiúla (2003). D'fhreastail an tAire Éamon Ó Cuív ar an gcruinniú seo.

• Páirt a ghlacadh sa phlé ar thodhchaí Theach an Spidéil ag éirí as cruinniú poiblí a reachtáladh ar an Spidéal i mí Lúnasa.

Bíonn fáilte mhór ag an gCumann i gcónaí roimh bhaill nua. Mas spéis leatsa bheith ar choiste an Chumainn, téigh i dteagmháil leis an Rúnaí.

Oifigigh agus baill Choiste an Chumainn

Cathaoirleach:
Pádraig Ó Héalaí

Rúnaí:
Sara Uí Scanláin

Cisteoir:
Séamas Ó Fátharta

Baill:
Gormlaith Ní Thuairisc, Máirtín Davy Ó Coisdealbha, Páraic Willie Ó Fátharta, An tAth. Mícheál Ó Flannabhra; Pól Ó Foighil, Seán Ó Raighne, Seán Ó Tuairisc, Breandán Ó Tuairisc.



Grúpscéim Uisce Dhoire Choill, 2003

Athrú Ré i gColáiste Cholmcille

le Breandán Ó Callaráin

Bhí saol crua ag gach duine sna caogaidí. Le theacht an leictreachais, tháinig feabhas i gcaighdeán maireachtála beagnach chuile dhuine. Ag dul isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa sa bhliain 1972, cuireadh deiseanna fostaíochta agus eacnamaíochta ar fáil don tír nach raibh ann cheana. Tháinig an réabhlóid ríomhaireachta sna hochtóidí agus an Tíogar Ceilteach sna nóchaidí.



Seoladh Staidéar an Chúrsa Óige

Roseanna Ní Chéidigh, Ciarán Ó Conghaile, Penelope Ní Mhaoileoin, Páidín Ó Griallais.

I dtús na mílaoise nua seo, tá béim mhór ar shaoirse agus ar chearta daonna. Tá athruithe móra millteacha feicthe ag aon duine atá meánaosta nó níos sine. D'fhreastal Coláiste Cholmcille ar riachtanais oideachasúla dhaoine óga Chois Fharraige le linn na hathraithe seo, ó hosclaíodh an scoil i 1955. 'Sé an dearcadh oideachais a bhí i gColáiste Cholmcille riamh, agus atá ann go dtí an lae inniu, ná buanna nádúrtha an duine a aithneachtáil agus deiseanna a chur ar fáil chun na buanna sin a fhorbairt. Is é misean na scoile ná:

1. Freastal ar riachtanais oideachasúla na scoláirí ionas go mbainfidh siad amach na torthaí is fearr atá ar a gcumas.
2. Freastal ar riachtanais phearsanta na scoláirí chun féinmhuinín, féinmheas agus forbairt mhorálta a chothú.
3. Meas a chothú ar ár n-oidhreacht Ghaelach, ar an teanga Ghaelach agus ar ár gcultúr Gaelach.
4. Atmaisféar cairdiúil, spreagúil a chur ar fáil sa scoil.